## Cé leis ar féidir liom dul i dteagmháil?

Ríomhphost: southcoastoffshore@EirGrid.ie

Déan teagmháil lenár n-Oifigigh Idirchaidrimh Pobail:



Michelle Walsh
Oifigigh Idirchaidrimh Pobail
+353 85 870 4999
michelle.walsh@eirgrid.com



Eoghan O'Sullivan
Oifigigh Idirchaidrimh Pobail
+353 87 247 7732
eoghan.osullivan@eirgrid.com



Ronan Lynch
Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh
+ 353 87 490 4786
ronan.lynch@eirgrid.com

EirGrid

An tUbhchruth, 160 Bóthar Shíol
Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 FW28
01 627 1700 | EirGrid.ie

WORLD LAND TRUST™
www.carbonbalancedpaper.com
CBP002856

EirGrid

EirGrid.ie

# Dul i bhFeidhm ar ár bhFuinneamh Amach ón gCósta san Am atá le Teacht

## Cé hiad EirGrid agus cad a dhéanaimid?

Déanann EirGrid eangach leictreachais na hÉireann a fhorbairt, a bhainistiú agus a oibriú. Táimid freagrach as leictreachas slán, sábháilte agus iontaofa a sholáthar in Éirinn. An dualgas atá orainn ná leictreachas a thabhairt ón áit a mbíonn sé á ghiniúint chuig an áit a mbíonn sé ag teastáil ar fud na hÉireann, ar tír agus amach ón gcósta.

Cé nach bhfuil sé faoi chúram EirGrid leictreachas a ghiniúint ná feirmeacha gaoithe a thógáil, tá sé faoinár gcúram an bonneagar giniúna leictreachais, amhail feirmeacha gaoithe amach ón gcósta agus ar tír, a cheangal lenár n-eangach leictreachais náisiúnta



# Céard atá i gceist le Dul i bhFeidhm ar ár bhFuinneamh Amach ón gCósta san Am atá le Teacht?

Tá ról lárnach ag an gcósta theas maidir le fuinneamh amach ón gcósta a chur chun cinn in Éirinn san am atá le teacht agus maidir le heangach leictreachais inbhuanaithe a chruthú le go mbeimid níos neamhspleáiche ó thaobh an fhuinnimh de. Leagtar béim mhór ar chumhacht na gaoithe amach ón gcósta sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023, agus gealltanas Rialtas na hÉireann go dtiocfaidh suas le 80% d'fhuinneamh na tíre ó fhoinsí in-athnuaite faoi dheireadh 2030. Tá comhairliúchán poiblí ar bun ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) de chuid an Rialtais faoi láthair maidir leis an áit atá molta d'fhorbairt fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta ar an gcósta theas. Tugtar sonraí i nDréachtphlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe an Chósta Theas (SC-DMAP).

I ndiaidh dheireadh an chomhairliúcháin agus eisiúint SC- DMAP deireanach ag an rialtas, mar chuid de Dul i bhFeidhm ar ár bhFuinneamh Amach ón gCósta san Am atá le Teacht, tá sé beartaithe ag EirGrid fostáisiún/fostáisiúin leictreachais amach ón gcósta a fhorbairt, mar aon leis na cáblaí leictreachais faoin bhfarraige a ghabhann leo. Leis an mbonneagar nua seo, tabharfar an leictreachas a ghintear sna feirmeacha gaoithe amach ón gcósta ar ais chuig an eangach leictreachais náisiúnta.

Chun an sprioc seo a chomhlíonadh, beidh orainn na nithe seo a leanas a fhorbairt:

- Fostáisiún/fostáisiúin amach ón gcósta – le bheith suite laistigh de Limistéar Muirí A (Tonn Nua) SC-DMAP.
- Nasc idir an fostáisiún/na fostáisiúin amach ón gcósta agus na fostáisiúin ar tír atá ann cheana féin.
- Beidh cáblaí faoin bhfarraige agus faoi thalamh ag teastáil chuige seo; agus
- Fostáisiúin nua a bheidh gar do na fostáisiúin ar tír atá ann cheana féin.

Cuideoidh sé seo linn suas le 900 meigeavata leictreachais sa bhreis a sholáthar - á dhóthain chun fuinneamh glan a sholáthar do bheagnach milliún teach. Ginfear an leictreachas nua seo ag feirmeacha gaoithe amach ón gcósta in uiscí na hÉireann. Ní mór dúinn an eangach leictreachais amach ón gcósta a fhorbairt chun an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as na féidearthachtaí a bhaineann le fuinneamh gaoithe amach ó chósta na hÉireann agus níos mó seasmhachta a chur le soláthar leictreachais ó fhoinse ghlan in-athnuaite

*Figiúr 1: Cumraíocht thipiciúil de ghnéithe a bhaineann le heangach amach ón gcósta agus mar a bhíonn sí á ceangal leis an eangach ar tír.*

